TREORACHA

TREOIR CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1927 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Samhain 2021

lena leasaítear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir 66/402/CEE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais i ndáil le síolta cruithneachta hibridí a tháirgtear trí bhíthin steirilíocht fhireann chíteaplasmach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 66/402/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le síol gránach a mhargú ([1]), agus go háirithe Airteagal 21b de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 66/402/CEE bunaítear rialacha maidir le síolta gránach a tháirgeadh agus a mhargú san Aontas. I gcás síolta cruithneachta hibridí, is iad na teicnící chun síolta hibrideacha a tháirgeadh dá bhforáiltear leis an Treoir sin na teicnící a úsáidtear chun crosphórú díreach agus hibridiú ceimiceach a dhéanamh, agus na teicnící sin amháin.

(2) Le blianta beaga anuas, áfach, glacadh le steirilíocht fhireann chíteaplasmach ("CMS") ar fud an domhain mar theicníc phórúcháin chun hibridí de chineálacha síolta gránach a tháirgeadh. Tá rialacha ábhartha maidir le teicníc tháirgthe CMS i bhfeidhm cheana féin maidir le heorna, toisc gur cuireadh táirgeadh síolta hibrideacha le CMS i bhfeidhm roinnt blianta ó shin.

(3) Tá an eorna agus an chruithneacht féinphailnitheach ó dhúchas agus is i saothrú cumaisc a tháirgtear iad. Agus na cosúlachtaí teicniúla idir táirgeadh síolta hibridí eorna agus cruithneachta mar aon le riachtanais úsáideoirí síolta hibrideacha á gcur san áireamh, is iomchuí coinníollacha le haghaidh síolta cruithneachta hibridí atá comhchosúil leis na coinníollacha a bhaineann le síolta hibridí eorna a leagan amach. Maidir le córas táirgthe cumaisc sonrach na cruithneachta hibridí amhail *Triticum aestivum* fospeiceas *aestivum*, *Triticum turgidum* fospeiceas. *durum*, *Triticum aestivum* fospeiceas *spelta*, a úsáidtear ar an láthair, i gcomhar leis na rioscaí a bhaineann leis an aimsir le linn na tréimhse bláthaithe, is léir ón taithí a fuarthas go n-éilíonn an córas táirgthe sin laghdú ar an gcaighdeán íonachta cineáil go 85 %, i gcás ina gcuirtear CMS i bhfeidhm, rud a fhágann gur féidir síolta a tháirgeadh go cobhsaí faoi dhálaí aimsire neamhfhabhracha. Dá bhrí sin, is iomchuí leibhéal níos ísle íonachta cineáil a cheadú le haghaidh síolta cruithneachta hibridí a tháirgtear le CMS ná an leibhéal is gá le haghaidh hibridí de shíolta eile.

(4) Is léir ón taithí a fuarthas ar shíolta eile de chuid hibridí a táirgeadh trí bhíthin CMS go bhfuil sé tábhachtach tástáil a dhéanamh, ag tús scéime nua táirgthe, ar na ceanglais theicniúla atá i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ba cheart na ceanglais maidir le cineálacha a bheith infheidhme ar bhonn sealadach go dtí an 31 Lúnasa 2029, chun go bhféadfaidh na póraitheoirí táirgeadh na cruithneachta hibridí i gcóras cumaisc a oiriúnú. Tá gá le cur chuige den sórt sin chun aon riosca a bhaineann leis an scéim táirgthe sin a íoslaghdú agus chun cineál nua cineálacha cruithneachta a chur ar fáil d'fheirmeoirí. Ba cheart gur leor an teorainn ama sin chun é a chur ar a gcumas do phóraitheoirí agus d'údaráis deimhniúcháin an t-eolas is gá a fháil chun na ceanglais theicniúla maidir le táirgeadh síolta cruithneachta hibridí a chur i bhfeidhm, agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar na ceanglais sin.

(5) Ionas go mbeidh an Coimisiún agus na Ballstáit in ann eolas leordhóthanach a fháil faoi chur i bhfeidhm CMS, agus chun go bhféadfar athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha sin, ba cheart don údarás deimhniúcháin atá freagrach tuarascáil a chur chuig an gCoimisiúin agus chuig na Ballstáit eile gach bliain, go dtí an 28 Feabhra 2030, faoi thorthaí na bliana roimhe sin maidir le cainníocht na síolta hibrideacha a táirgeadh agus faoi chéatadán na luchtóg síolta ar diúltaíodh dóibh de bharr paraiméadair cháilíochta neamh-leordhóthanacha.

([1]) IO 125, 11.7.1966, lch. 2309.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 66/402/CEE a leasú dá réir sin.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Treoir seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 66/402/CEE

Leasaítear Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 66/402/CEE i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

Airteagal 2

Trasuí

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 31 Lúnasa 2022 ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2029.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Samhain 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 66/402/CEE mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 5, an chéad abairt:

"Barra chun síol deimhnithe de chuid hibridí de *Avena nuda, Avena sativa, Avena strigosa, Oryza sativa* agus *xTriticosecale* féinphailnitheach a tháirgeadh, agus barra chun síol deimhnithe de chuid hibridí de *Hordeum vulgare, Triticum aestivum* fospeiceas. *aestivum, Triticum aestivum* fospeiceas. *spelta, Triticum turgidum* fospeiceas. *durum* a tháirgeadh trí bhíthin teicníc nach steirilíocht fhireann chíteaplasmach í ('CMS');"

(b) cuirtear isteach an pointe seo a leanas idir pointe 5a agus pointe 6:

"5b. Barra chun síol bunúsach agus deimhnithe de chuid hibridí de *Triticum aestivum* subsp. *aestivum, Triticum aestivum* fospeiceas. *spelta, Triticum turgidum* fospeiceas. *durum* a tháirgeadh trí bhíthin CMS:

(a) Comhlíonfaidh an barr na caighdeáin seo a leanas a mhéid a bhaineann le fanacht slán ó fhoinsí pailine gar dó a bhféadfadh pailniú coimhthíoch neamh-inmhianaithe a theacht astu:

Barr	Fad íosta
Maidir le comhpháirt bhaineann CMS chun síol bunúsach a tháirgeadh	300 m
Chun síol deimhnithe a tháirgeadh	25 m

(b) Beidh sainaitheantas cineáil agus íonacht cineáil leordhóthanach ag an mbarr a mhéid a bhaineann le saintréithe na gcomhpháirteanna.

Go háirithe, comhlíonfaidh an barr na caighdeáin seo a leanas:

(i) An céatadán de réir líon na bplandaí, ar plandaí iad nach bhfuil dílis don chineál, ní sháróidh sé:

— i gcás na mbarr a úsáidtear chun síol bunúsach a tháirgeadh, 0,1 % i gcás an chothabhálaí agus na líne athneartóra agus 0,3 % i gcás chomhpháirt bhaineann CMS;

— i gcás na mbarr a úsáidtear chun síol deimhnithe a tháirgeadh, 0,3 % i gcás an athneartóra agus 0,6 % i gcás chomhpháirt bhaineann CMS agus 1 % i gcás inar hibrid shimplí í comhpháirt bhaineann CMS.

(ii) Is é an méid seo a leanas, ar a laghad, a bheidh i leibhéal steirilíochta firinne na comhpháirte baininne:

— 99,7 % i gcás barra a úsáidtear chun síol bunúsach a tháirgeadh;

— 99 % i gcás barra a úsáidtear chun síol deimhnithe a tháirgeadh.

(iii) Déanfar scrúdú ar an gcomhréireacht le ceanglais phointe (i) agus phointe (ii) trí thástáil iar-rialaithe oifigiúil.

(c) Féadfar síol deimhnithe a tháirgeadh i saothrú measctha de chomhábhar fireann-steiriúil baineann le comhábhar fireann, rud a athbhunaíonn an torthúlacht.

Faoin 28 Feabhra gach bliain, cuirfidh an t-údarás deimhniúcháin atá freagrach tuarascáil chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit eile faoi thorthaí na bliana roimhe sin maidir le cainníocht na síolta hibrideacha a táirgeadh, comhlíonadh na gceanglas sonrach ag na cigireachtaí allamuigh, céatadán na luchtóg síolta ar diúltaíodh dóibh de bharr paraiméadair cháilíochta neamh-leordhóthanacha, agus aon fhaisnéis eile a bheidh mar údar ag an diúltú sin. Beidh an oibleagáid tuairiscithe sin infheidhme go dtí an 28 Feabhra 2030."

(2) leasaítear Iarscríbhinn II, pointe 1, mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn C:

"C. **Hibridí de *Avena nuda, Avena sativa, Avena strigosa, Hordeum vulgare, Oryza sativa, Triticum aestivum* fospeiceas. *aestivum, Triticum aestivum* fospeiceas. *spelta, Triticum turgidum* fospeiceas. *durum* agus *xTriticosecale* féinphailnitheach**

Is é 90 % a bheidh san íonacht cineáil íosta le haghaidh síol den chatagóir síol deimhnithe.

I gcás *Hordeum vulgare, Triticum aestivum* fospeiceas. *aestivum, Triticum aestivum* fospeiceas. *spelta, Triticum turgidum* fospeiceas. *durum* a tháirgtear trí bhíthin CMS, is é 85 % a bheidh san íonacht cineáil íosta. Ní sháróidh na heisíontais seachas an t-athneartóir 2 %.

Déanfar scrúdú ar an íonacht cineáil íosta le linn tástálacha iar-rialaithe oifigiúla ar chion iomchuí samplaí.

Faoin 28 Feabhra gach bliain, cuirfidh an t-údarás deimhniúcháin atá freagrach tuarascáil chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit eile faoi thorthaí na bliana roimhe sin maidir le cainníocht síolta hibrideacha de *Triticum aestivum* fospeiceas. *aestivum, Triticum aestivum* fospeiceas. *spelta* agus *Triticum turgidum* fospeiceas. *durum* a táirgeadh agus maidir le céatadán na luchtóg síolta ar diúltaíodh dóibh de bharr paraiméadair cháilíochta neamh-leordhóthanacha, torthaí na tástála iar-rialaithe agus aon fhaisnéis eile a bheidh mar údar ag an diúltú sin. Beidh an oibleagáid tuairiscithe sin infheidhme go dtí an 28 Feabhra 2030."

(b) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad cheannteideal Roinn E:

"E. **Hibridí de *Secale cereale* agus hibridí CMS de *Hordeum vulgare, Triticum aestivum* fospeiceas. *aestivum, Triticum aestivum* fospeiceas. *spelta, Triticum turgidum* fospeiceas. *Durum***".